Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2020**
**(OR. en)**

**8269/20**

**EDUC 197**
**JEUN 37**
**EMPL 254**
**SOC 327**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7624/20+COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí agus oiliúnóirí na hEorpa amach anseo |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí agus oiliúnóirí na hEorpa amach anseo, a ghlac an Chomhairle tríd an nós imeachta i scríbhinn an 25 Bealtaine 2020, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/556 ón gComhairle.

Cuirfear na conclúidí ón gComhairle ar aghaidh lena bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a chinn Coiste na mBuanionadaithe an 14 Bealtaine 2020.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí agus oiliúnóirí na hEorpa amach anseo**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG MEABHRÚ DI an cúlra polaitíochta a bhaineann leis an tsaincheist thuasluaite, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo;

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

1. Múnlaíonn an t-oideachas agus an oiliúint an duine agus tá ról claochlaitheach acu i saol an duine agus sa tsochaí. Tá siad tábhachtach do rannpháirtíocht shóisialta, eacnamaíoch, dhaonlathach agus chultúrtha na saoránach, chomh maith le fás, forbairt inbhuanaithe, comhtháthú sóisialta agus rathúnas laistigh den Aontas. Ní hamháin go gcuireann oideachas agus oiliúint ardcháilíochta atá ábhartha**,** cuimsitheach agus cothrom eolas, scileanna agus inniúlachtaí ar fáil do shaoránaigh i gcomhréir le forbairtí reatha agus forbairtí amach anseo, ach múnlaíonn siad freisin a ndearcadh, a gcuid luachanna agus a n-iompraíocht, lenar féidir leo bláthú go gairmiúil agus go pearsanta agus bheith ina rannpháirtithe gníomhacha freagracha sa tsochaí.

2. Tá múinteoirí agus oiliúnóirí[1], ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna, ina gceannródaithe fíor-riachtanacha don oideachas agus don oiliúint. Tá ról ríthábhachtach acu maidir le daoine aonair ó gach cúlra agus ó gach aoisghrúpa a ullmhú chun cónaí, foghlaim agus oibriú i saol an lae inniu, agus maidir le hathruithe a chruthú agus a threorú amach anseo.

[1] Chun críocha na gconclúidí seo, is ionann *múinteoir* agus duine a aithnítear stádas múinteora (nó a chomhionann) a bheith aige nó aici de réir na reachtaíochta agus an chleachtais náisiúnta, agus is éard is *oiliúnóir* ann aon duine a chomhlíonann gníomhaíocht amháin nó níos mó atá nasctha leis an bhfeidhm oiliúna (teoiriciúil nó praiticiúil), in institiúid oideachais nó oiliúna nó san ionad oibre. Cuimsíonn sé sin múinteoirí in oideachas ginearálta agus in ardoideachas, múinteoirí agus oiliúnóirí i ngairmoideachas agus gairmoiliúint, idir thosaigh agus leanúnach, mar aon le gairmithe oideachais agus cúraim don luath-óige agus oideoirí aosach.

3. I gcomhthéacs síorathruithe sóisialta, déimeagrafacha, cultúrtha, eacnamaíocha, eolaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha, tá athrú ag teacht ar shaol an oideachais agus na hoiliúna, mar atá freisin ar shlí bheatha múinteoirí agus oiliúnóirí, agus níos mó éileamh, freagrachtaí agus ionchais i gceist. Bíonn tionchar ag nuálaíochtaí agus dúshláin leanúnacha ní hamháin ar na hinniúlachtaí a theastaíonn, ach freisin ar dhea-bhail múinteoirí agus oiliúnóirí agus ar tharraingteacht ghairm na múinteoireachta.

4. Is iad múinteoirí agus oiliúnóirí na hEorpa clocha coirnéil an Limistéir Eorpaigh Oideachais, agus ról lárnach acu ó thaobh gné Eorpach an teagaisc[2] a chur chun cinn, agus iad ag tacú le foghlaimeoirí le go dtuigfidh siad agus go mbraithfidh siad féiniúlacht Eorpach agus muintearas Eorpach.

AG AITHINT DI AN MÉID SEO A LEANAS:

5. De dheasca ghéarchéim reatha COVID-19, tá dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo roimh mhúinteoirí agus oiliúnóirí ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna. Bhí orthu bogadh ó theagasc duine le duine go cianteagasc cuid mhaith, agus teagasc fíorúil den chuid is mó. In imthosca eisceachtúla den sórt sin, tá tiomantas, cruthaitheacht agus comhoibriú piaraí den scoth léirithe ag múinteoirí agus oiliúnóirí, agus tá iarracht shuntasach déanta acu lena áirithiú go leanfar den dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis an bhfoghlaim agus ag foghlaimeoirí, lena n-áirítear trí thacú lena ndea-bhail.

[2] Mar a shainítear sa Mholadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le luachanna choiteanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn.

AGUS Í FEASACH AR AN MÉID SEO A LEANAS::

6. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, a chuimsíonn gairm na múinteoireachta freisin, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht as eagar agus inneachar na gcóras oideachais agus oiliúna. Sa chomhthéacs sin, tá riachtanais éagsúla ag na Ballstáit maidir le cineálacha agus leibhéil na gcáilíochtaí is gá chun dul le gairm na múinteoireachta agus dul chun cinn a dhéanamh inti[3].

7. Trí leibhéil níos airde oideachais agus oiliúna a bhaint amach, is féidir le múinteoirí agus oiliúnóirí ionchasacha sraith níos cuimsithí inniúlachtaí a fháil, lena n-áirítear na hinniúlachtaí sin a bhfuil gá leo chun neamhspleáchas gairmiúil a fhorbairt ina gcleachtais teagaisc. D'fhéadfadh sé sin cur le sásamh poist, chomh maith le tuiscint ar luach na gairme agus meas ar an ngairm[4].

8. Tá sé d'fhreagracht ar mhúinteoirí agus ar oiliúnóirí sealbhú príomhinniúlachtaí agus scileanna gairmiúla[5] a éascú d'fhoghlaimeoirí, ní hamháin iad a ullmhú le feidhmiú go rathúil i bpost sa todhchaí - poist nach ann do chuid acu fiú go fóill — ach a bhfreagracht shóisialta agus a rannpháirtíocht shibhialta a chothú freisin, luachanna daonna a chur in iúl, chomh maith le tacú lena bhfás pearsanta agus a ndea-bhail.

---

[3] Is iondúil san Aontas go mbíonn cáilíocht threasach ag teastáil le dul le teagasc. Is céim bhaitsiléara an t-íosriachtanas is coitianta maidir le teagasc ar an mbunleibhéal. Chun múineadh ar an leibhéal meánscoile íochtaraí, is leibhéal máistreachta atá leagtha síos mar íoscháilíocht i leath de chórais an Aontais. Chun múineadh sna meánscoileanna uachtaracha, teastaíonn céim mháistreachta mar íoscháilíocht sa chuid is mó de thíortha an Aontais. (*ET Monitor 2019* [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2019] lch. 24) Mar sin féin, in oideachas agus cúram na luath-óige, tá riachtanais éagsúla ann maidir le híoscháilíochtaí ar fud na hEorpa. I dtíortha áirithe, tá na híosriachtanais cháilíochta chéanna ann do gach ball foirne, ach i dtíortha eile teastaíonn cáilíochtaí éagsúla do phoist agus do phróifílí éagsúla. Is minic nach mbíonn cáilíochtaí treasacha de dhíth ar gach ball d'fhoireann oideachais agus cúraim na luath-óige. (*Key data on early childhood education and care in Europe, Eurydice report, 2019* [Príomhshonraí maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige san Eoraip, Tuarascáil Eurydice, 2019], lch. 71-72)

[4] *ET Monitor 2019* [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2019] (lch. 24).

[5] Mar a shainítear sa Mholadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le príomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

9. Bíonn tionchar ag saineolas na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí, idir shaineolas ábhair agus shaineolas oideolaíoch, ar thorthaí foghlama agus ar dhul chun cinn agus ar dhea-bhaill an fhoghlaimeora, mar a bhíonn ag a dtiomantas, a ndíograis, a sásamh poist agus a bhféinmhuinín. Trí bheith ina n-eiseamláirí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, is féidir le múinteoirí agus oiliúnóirí rannpháirtíocht agus freagracht na bhfoghlaimeoirí as a bhfoghlaim ar feadh an tsaoil féin a spreagadh, a spéis a mhúscailt agus fiosracht agus cruthaitheacht a ghríosú.

10. Agus iad ag freagairt ar róil, freagrachtaí agus ionchais éagsúla na bhfoghlaimeoirí, na gceannairí institiúidí, lucht ceaptha beartas, na dtuismitheoirí agus na bpobal, ní mór do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí, i gcás inarb infheidhme agus i gcomhréir leis na cúinsí náisiúnta, leanúint de bheith rannpháirteach agus de thacaíocht a fháil chun freagairt go héifeachtach ar athruithe agus ar dhúshláin. D'fhéadfadh na dúshláin sin a bheith i gceist go pointí éagsúla i mBallstáit dhifriúla, agus tá baint ar leith acu leis na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

a) cothromaíocht a bhaint amach idir gnéithe éagsúla dá n-ualach oibre, freastal go minic ar an iliomad cúraimí riaracháin, páirt a ghlacadh i gceannaireacht institiúideach, tacaíocht agus treoir a thabhairt dá bhfoghlaimeoirí, am a phleanáil agus a fháil do chomhoibriú piaraí agus dá bhforbairt ghairmiúil, agus ag an am céanna cáilíocht a gcuid teagaisc agus torthaí foghlama na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt agus a chothabháil go leanúnach;
b) forbairt chumas intleachtúil, mhothúchánach, sóisialta agus cruthaitheachta na bhfoghlaimeoirí a spreagadh ar bhealach iomlánaíoch, agus dul chun cinn oideachasúil na bhfoghlaimeoirí á áirithiú ag an am céanna;

c) modhanna agus cleachtais éagsúla teagaisc atá bunaithe ar thaighde a úsáid, modhanna agus cuir chuige nuálacha agus digiteacha a phríomhshruthú, agus béim ar leith ar chuir chuige atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus atá bunaithe ar inniúlachtaí, i gcomhréir leis an bhforbairt atá ag teacht ar riachtanais aonair na bhfoghlaimeoirí, d'fhonn an próiseas foghlama a éascú agus tacú le comhchruthú foghlama agus teagaisc, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh na cleachtais sin cuimsitheach, cóir ó thaobh na sochaí de agus cothrom;

d) oibriú i dtimpeallachtaí faoi chlaochlú na teicneolaíochta, an digitithe agus na hintleachta saorga, agus aird á tabhairt ar a n-acmhainneacht oideolaíoch agus ar a n-úsáid eiticiúil, shábháilte agus fhreagrach;

e) oibriú i seomraí ranga agus i dtimpeallachtaí foghlama atá éagsúil ó thaobh na teanga agus an chultúir de, le foghlaimeoirí ó chúlraí socheacnamaíocha éagsúla, a bhfuil riachtanais éagsúla acu, lena n-áirítear riachtanais speisialta oideachais[6] agus an chuimsitheacht a choimirciú;

f) páirt a ghlacadh i gceapadh beartais, go háirithe i bhforbairt**,** i gcur chun feidhme agus i meastóireacht athchóirithe oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear athbhreithniú leanúnach ar churaclaim;

g) atmaisféar tacúil, cuiditheach a thógáil i dtimpeallachtaí foghlama, lena n-áirítear caidreamh dearfach agus comhthacúil laistigh dá bhfoirne agus do bhaill foirne oideachais eile, d'fhoghlaimeoirí, do theaghlaigh agus d'fhostóirí, i gcás inarb ábhartha;

h) déileáil le bainistiú iompraíochta sa seomra ranga agus cosc a chur, más gá, ar chineálacha éagsúla foréigin, lena n-áirítear an cibearfhoréigean, a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar thorthaí agus ar shláinte foghlaimeoirí; ina theannta sin, déileáil, b'fhéidir, le hiompar foréigneach atá dírithe orthu féin;

---

6 Bunaithe ar shonraí TALIS 2018, tuairiscíonn 21 % de na múinteoirí go bhfuil gá breise le hoiliúint acu i dteagasc mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu, tuairiscíonn 16 % acu an gá sin a bheith acu in úsáid TFC don teagasc, agus thart ar 13 % a thuairiscíonn gá breise acu sa teagasc i dtimpeallachtaí ilteangacha agus ilchultúrtha (An Faireachán ar Oideachas agus Oiliúint, 2019, lch. 10). Leis na sonraí atá ann, tugtar le tuiscint go bhfuil daonra mac léinn ardoideachais na hEorpa ag éirí níos éagsúla (Eurostudent VI (2016-2018)).

i) uirlisí, critéir agus modhanna measúnaithe iomchuí a roghnú, agus iad ailínithe leis na torthaí foghlama atá beartaithe, chun aiseolas ardcháilíochta agus tráthúil a chur ar fáil do gach foghlaimeoir lena mbeifear in ann a gcuid foghlama a threorú agus a fheabhsú a thuilleadh;

j) teagasc le hacmhainní teoranta go minic, lena n-áirítear bonneagar oideachais, spásanna foghlama, trealamh agus uirlisí atá gann nó uireasach, lena n-áirítear uirlisí lenar féidir foghlaim ar líne a dhéanamh.

11. Tá na dúshláin sin níos dúshlánaí fós do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí ar beagán taithí (nua-cháilithe), ós rud é go mbíonn na freagrachtaí céanna orthu ó thús a dtréimhse teagaisc nó oiliúna agus a bhíonn ar a gcomhghleacaithe a bhfuil taithí na mblianta acu. Ina theannta sin, is minic a bhíonn siad ag obair i dtimpeallachtaí dúshlánacha, amhail institiúidí oideachais agus oiliúna ina bhfuil rátaí níos airde foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch nó a mbaineann cúlra imirceach leo[7]. D'fhéadfadh deacrachtaí eile a bheith ag múinteoirí agus oiliúnóirí sinsearacha, ag dul i ngleic le bearna ghlúine san ionad oibre, mar shampla.

12. Thairis sin, d'fhéadfadh dúshláin bhreise a bheith ann do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí atá ag obair i gceantair thuaithe, iargúlta nó faoi mhíbhuntáiste, amhail iad siúd a bhaineann le leithlisiú gairmiúil, bonneagar teoranta lena n-áirítear bonneagar digiteach, rochtain ar thacaíocht agus ar dheiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil nó seomraí ranga il-aoise agus ilghráid a theagasc. Ina theannta sin, d'fhéadfadh dúshláin níos suntasaí a bheith ann do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí atá ag obair i gceantair uirbeacha dhlúthdhaonra maidir le foghlaimeoirí a mhúineadh ó chúlraí éagsúla ilteangacha, ilchultúrtha agus socheacnamaíocha.

[7] ET Monitor 2019 [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2019] (lch. 21).

13. Cé gurb ionann go leor de na dúshláin a bhíonn ag an-chuid múinteoirí agus oiliúnóirí, bíonn dúshláin shonracha ann freisin, go pointí éagsúla ó Bhallstát go Ballstát, a bhaineann le leibhéil agus cineálacha éagsúla oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

a) in oideachas agus cúram na luath-óige:

- deacrachtaí maidir le gairmithe cúraim agus oideachais luath-óige atá cáilithe agus dea-oilte a mhealladh agus a choinneáil;
- aosú na foirne agus míchothromaíochtaí inscne, le lucht saothair baineann den chuid is mó;
- dálaí oibre neamhtharraingteacha, lena n-áirítear cóimheas ard leanaí/foirne, agus easpa conairí gairme tarraingteacha, chomh maith le heaspa deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach;

b) san oideachas scoile:

- tá deacrachtaí ann a bhaineann le mic léinn ardchumais a mhealladh agus a choinneáil san oiliúint tosaigh múinteoirí[8], chomh maith le céimithe a mhealladh agus na múinteoirí atá sa ghairm a choinneáil;
- tá an daonra teagaisc ag dul in aois; tá míchothromaíochtaí inscne ann freisin, le múinteoirí baineann den chuid is mó, go háirithe i roinnt ábhar agus ar leibhéil áirithe oideachais; thairis sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an ghairm ionadaíoch ó thaobh cultúir de don phobal a bhfuil freastal á dhéanamh air;
- léirítear an méid sin go léir sa ghanntanas múinteoirí atá i roinnt mhaith Ballstát, bíodh sin go ginearálta, i limistéir gheografacha shonracha, i limistéir ábhair ar leith, amhail eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM), nó ganntanas múinteoirí a bhfuil inniúlachtaí acu chun mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu a mhúineadh, chun teagasc a dhéanamh i dtimpeallacht ilchultúrtha nó ilteangach nó chun mic léinn ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch a mhúineadh[9];

---

8 Tá ganntanas mac léinn san oiliúint tosaigh do mhúinteoirí, chomh maith le hardrátaí luathfhágála (*Teaching Careers in Europe, Access, Progression and Support, Eurydice*, 2018,[Gairmeacha Múinteoireachta san Eoraip, Rochtain, Dul Chun Cinn agus Tacaíocht, Eurydice, 2018] lch. 10).

9 *ET Monitor 2019* [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2019] lch. 9, 10, 21].

c) sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint:

- ba cheart múinteoirí agus oiliúnóirí a bheith inniúil ar bhunscileanna agus ar phríomhinniúlachtaí a chur chun cinn agus a fhorbairt, chomh maith le gairmscileanna nó scileanna teicniúla agus eolas atá cothrom le dáta a theagasc;
- D'fhéadfadh méadú teacht ar an ngá le múinteoirí agus oiliúnóirí hibrideacha - a oibríonn in institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus i gcuideachtaí araon;
- tá gá freisin le comhoibriú idir múinteoirí agus oiliúnóirí, go háirithe oiliúnóirí inchuideachta, i bhfianaise na ról agus na bhfreagrachtaí comhlántacha atá acu, go háirithe maidir le printíseachtaí agus foghlaim obairbhunaithe a sheachadadh;
- ós rud é go bhféadfadh na dreasachtaí a bheith níos fearr, is tarraingtí seans obair san earnáil phríobháideach ná obair in institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna;
- tá dúshláin ag go leor Ballstát ó thaobh múinteoirí agus oiliúnóirí a bheith ag dul in aois;

d) san oideachas aosach:

- tá ról suntasach ag oideoirí aosach i gcur chun cinn agus i bhforbairt eolais, scileanna agus inniúlachtaí, idir bhunúsach agus ghairmiúil;
- d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu déileáil leis an dúshlán a eascraíonn as deacrachtaí litearthachta, uimhearthachta agus teanga na bhfoghlaimeoirí nó as drocheispéiris oideachais agus oiliúna;
- ós rud é gur minic a bhíonn oideoirí aosach ag obair le grúpaí éagsúla foghlaimeoirí, ní mór dóibh a bheith réidh chun straitéisí agus modhanna teagaisc atá éagsúil agus éifeachtach a chur i bhfeidhm, d'fhonn freastal ar na riachtanais, agus spreagadh a thabhairt agus freastal ar chonairí foghlama aonair a gcuid foghlaimeoirí;
- d'fhonn go mbeidh daoine aonair in ann tabhairt faoin bhfoghlaim don uas-sciliú agus athsciliú, d'fhéadfadh sé gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar ról na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí i bhfianaise an mhéid a d'fhéadfadh siad cur le treorú agus bailíochtú na scileanna a bhaintear amach tríd an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta;
- d'fhéadfadh sé go mbeadh ar oideoirí aosach dul i dteagmháil le fostóirí maidir le foghlaim obairbhunaithe;
- is minic nach mbíonn oideoirí aosach oilte go sonrach chun daoine fásta a mhúineadh agus d'fhéadfadh siad a bheith ag obair go páirtaimseartha nó mar shaoroideoirí, agus mar sin is dúshlán suntasach é iad a ghairmiúlú ar mhaithe le cáilíocht an oideachais aosach a áirithiú;

e) san ardoideachas:

- is minic nach dírithe ar na scileanna iomchuí teagaisc a bhíonn na cáilíochtaí a theastaíonn le dul isteach sa ghairm acadúil;
- níl deiseanna mórscála córasacha d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach i bhfeidhm i ngach Ballstát agus iad dírithe ar fheabhsú scileanna teagaisc na foirne acadúla;
- ní thugtar dóthain airde ar thacú na forbartha idirinstitiúidí foirne, lena n-áirítear an tsoghluaisteacht teagaisc idirnáisiúnta, agus chun pobail chleachtais agus líonraí gairmiúla a thógáil freisin;
- le héagsúlacht daonra na mac léinn, is gá modhanna éagsúla teagaisc a úsáid bunaithe ar chur chuige mac léinn-lárnach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina dhúshlán do na hinstitiúidí ardoideachais;
- tá míchothromaíochtaí inscne ann i roinnt disciplíní acadúla agus tá foirne ban faoi thearcionadaíocht ag na gráid is airde;
- cé go bhfuil an teagasc ar cheann de thrí mhisean an ardoideachais, is minic luach níos airde á chur ar an taighde ná ar an teagasc ó thaobh an dul chun cinn gairme; is minic a iarrtar ar bhaill foirne shóisearacha agus mheánchéime níos mó teagaisc a dhéanamh, ós rud é gur mó an t-am a chaitear ar thaighde agus gur lú an t-am a chaitear ar theagasc de réir mar a dhéantar dul chun cinn sa ghairm[10].

14. Ainneoin gur níos casta atá na riachtanais ag éirí agus níos déine a ngairm, braitheann go leor múinteoirí agus oiliúnóirí gur beag an meas ag an tsochaí orthu[11] agus gur beag an luach a chuirtear ar a gcuid oibre rud a fhágann go bhfuil meath ag teacht ar tharraingteacht na gairme i go leor Ballstát.

---

10 *Modernisation of Higher Education in Europe: Academic Staff – 2017, Eurydice, 2017* [Nuachóiriú an Ardoideachais san Eoraip: Foireann Acadúil – 2017, Eurydice, 2017].

**11** Bunaithe ar na sonraí atá i TALIS 2018, measann 18 % de mhúinteoirí meánscoile íochtaraí san Aontas go gcuireann an tsochaí luach ar a ngairm, agus is lú an cion sin dá fhad ama a chaitear sa ghairm agus is lú freisin (i níos mó ná Ballstát amháin de chuid an Aontais) líon na múinteoirí a roghnódh fós a bheith ina múinteoirí (ET Monitor 2019 [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2019] lch. 9).

CUIREANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS I bhFIOS GO LÁIDIR:

15. Is den ríthábhacht inniúlachtaí múinteoirí agus oiliúnóirí a fhorbairt agus a nuashonrú a thuilleadh, a saineolas a áirithiú, a neamhspleáchas agus a rannpháirtíocht a mhisniú, spreagadh a thabhairt dá ndea-bhail phearsanta agus ghairmiúil, a bhféinmheas ar a mbíonn ar bun acu a chothú, agus iad a ullmhú chun freagairt leordhóthanach a thabhairt don athrú, ach iad a spreagadh mar sin féin chun a bheith réamhghníomhach agus nuálach agus iad i mbun a ngairme.

16. Chun é sin a dhéanamh, ní mór beartais náisiúnta a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le hobair múinteoirí agus oiliúnóirí ar bhealach spriocdhírithe cuimsitheach, agus na ceanglais agus na riachtanais oiliúna arna sainiú ag na múinteoirí agus ag na hoiliúnóirí féin á gcur san áireamh, mar aon le riachtanais na bpobal foghlama i gcoitinne, na torthaí ábhartha ó thaighde oideachais chomh maith leis na spriocanna foriomlána náisiúnta maidir le beartas oideachais agus oiliúna. Anuas air sin, is den tairbhe samhlacha éagsúla oiliúna a chur ar fáil, lena n-áirítear an fhoghlaim aghaidh ar aghaidh, an fhoghlaim fhíorúil, an fhoghlaim chumaisc agus an fhoghlaim obairbhunaithe.

17. Cur chuige comhlántach cuimsitheach ar gach leibhéal agus i ngach cuid den oideachas agus den oiliúint a chuirtear ar mhúinteoirí agus ar oiliúnóirí atá de dhíth. Bíodh an méid seo a leanas ann: earcú agus roghnú mac léinn, oideachas tosaigh do mhúinteoirí (lena n-áirítear tréimhsí oiliúna), ionduchtú agus meantóireacht i ndáil le cáilíocht, mar aon le forbairt ghairmiúil leanúnach a chur chun cinn agus tacú leis sin ar feadh ghairmréim an mhúinteora agus, más ábhartha, sásraí meastóireachta. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar mhúinteoirí nua, trí threoir agus meantóireacht bhreise a thabhairt dóibh, chun tús a ngairmréime a éascú agus chun cabhrú leo déileáil leis na riachtanais shonracha atá rompu.

18. I gcomhréir leis na himthosca náisiúnta, d'fhéadfaí bonn taca a chur faoin méid sin trí bhíthin creataí inniúlachta cuimsitheacha náisiúnta atá cothrom le dáta agus ábhartha do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí[12], arna bhforbairt in idirphlé struchtúrtha córasach leis na páirtithe leasmhara ábhartha, lena léireofaí cur chuige, straitéisí agus modhanna comhaimseartha nuálach i leith an teagaisc, chomh maith le himthosca nua a thagann chun cinn sa tsochaí i gcoitinne. Ar an mbealach sin, is den tábhacht go gcuimseofaí ar bhealach níos córasaí san oideachas agus oiliúint a chuirtear ar mhúinteoirí agus oiliúnóirí ar feadh a ngairmréime an méid a leanas: na hábhair agus na deiseanna foghlama a bhaineann le hobair i dtimpeallacht ilteangach ilchultúrtha, obair le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus iad ó chúlra faoi mhíbhuntáiste, oideolaíochtaí digiteacha, forbairt inbhuanaithe agus stíl bheatha shláintiúil. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na ceanglais agus ar na riachtanais arna gcur in iúl ag na múinteoirí agus na hoiliúnóirí[13].

19. Ní féidir teagasc agus oiliúint ar ardchaighdeán a bheith ann mura mbeidh forbairt ghairmiúil leanúnach ann do mhúinteoirí agus oiliúnóirí; ba cheart, dá bhrí sin, múinteoirí agus oiliúnóirí a spreagadh chun dul i mbun machnaimh ar a gcleachtais agus ar a riachtanais oiliúna, agus ba cheart iad a mhisniú agus tacú lena rannpháirtíocht trí dheiseanna oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil, mar aon le ham a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sna deiseanna sin agus dreasachtaí a chur ar fáil dóibh.

20. Ach an nasc sin idir múinteoirí agus oiliúnóirí le taighdeoirí a neartú is féidir dea-thionchar a imirt ar a bhforbairt ghairmiúil agus cleachtais teagaisc thaighdebhunaithe nuálach fheabhsaithe a spreagadh.

---

[12] Is é an gnás é i mbunáite thíortha na hEorpa creataí a ghlacadh a mbíonn cur síos iontu ar thacar inniúlachtaí nach mór do mhúinteoirí a bheith acu nó ar inniúlachtaí iad ba cheart a bheith á bhforbairt acu le linn a ngairme. Ach, i gcleachtas, tá na creataí sin éagsúil ó thaobh formáide, leibhéil mhionsonraithe, luacha agus úsáide de (*ET Monitor 2019* [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint, 2019] lch. 34).

[13] De réir na sonraí atá i TALIS 2018, tugadh le fios go bhfuil oiliúint bhreise de dhíth ar 21% de mhúinteoirí i dteagasc na mac léinn sin a bhfuil riachtanais speisialta acu, ar 16 % maidir le húsáid TFC don teagasc, agus thart ar 13 % maidir le teagasc i dtimpeallacht ilteangach ilchultúrtha (*ET Monitor 2019* [Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2019, lch. 10).

21. Is cumhachtach an taithí foghlama í an tsoghluaisteacht trasteorann, bíodh sí gearrthéarmach nó níos fadtéarmaí ná sin, bíodh sí fisiciúil, fíorúil nó cumaiscthe, agus is deis luachmhar í chun inniúlachtaí sóisialta, idirchultúrtha, ilteangacha agus idirphearsanta na rannpháirtithe a fhorbairt, ní hamháin i gcás mic léinn atá san oideachas tosaigh ach i gcás forbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí sin atá i mbun múinteoireachta cheana féin. Mar sin féin, tá bacainní ann a chuireann srian ar shoghluaisteacht na mac léinn agus na múinteoirí sin atá i mbun múinteoireachta cheana féin, amhail easpa inniúlachtaí teanga, nó teacht ar ionadaí do mhúinteoirí atá ann cheana. Anuas air sin, is minic go mbíonn an ghné idirnáisiúnta lag agus íosleibhéil soghluaisteachta staidéir agus oiliúna ag baint leis na cláir tosaigh oideachais do mhúinteoirí le hais cláir staidéir i réimsí ábhair eile[14], agus tá dúshláin ann a bhaineann le haitheantas a thabhairt do thréimhsí soghluaisteachta a caitheadh thar lear agus le torthaí foghlama.

22. D'fhéadfadh na deiseanna a bhaineann le roghanna éagsúla gairme i ngairm na múinteoireachta – ina mbíonn bealaí éagsúla chun dul chun cinn gairmiúil a dhéanamh – a bheith ina n-ábhar spreagtha rochtain a fháil ar an ngairm agus fanacht inti, mar aon le spreagadh don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. D'fhéadfadh na deiseanna sin múinteoirí agus oiliúnóirí a spreagadh chun leanúint dá dtiomantas don ghairm agus iad tiomanta freisin dá gcuid foghlaimeoirí agus dá bhfoghlaim féin le linn a saol oibre. Os a choinne sin, tá sé chomh tábhachtach céanna nach mbeadh cúraimí riaracháin róthrom ar mhúinteoirí ná ar oiliúnóirí a d'fhágfadh go rachadh sé rite leo díriú ar an teagasc.

23. I ngeall ar a gcuid eolais, saineolais agus a léargais phraiticiúla is féidir le múinteoirí agus le hoiliúnóirí, mar aon le ceannairí institiúide, cur le ceapadh beartas. Ag an am céanna, d'fhéadfadh a rannpháirtíocht i gceapadh beartas cur lena n-úinéireacht, rud a d'fhágfadh, dá bhrí sin, tionchar dearfach ar thorthaí cur chun feidhme tionscnamh beartais agus athchóirithe éagsúla.

---

[14] Níl an tsoghluaisteacht idirnáisiúnta d'ábhair mhúinteoirí le linn oideachas tosaigh an mhúinteora (arna ríomh mar chion na múinteoirí sin a chaith tréimhse staidéir thar lear mar chuid dá n-oideachas tosaigh múinteoireachta) an-choitianta agus bíonn éagsúlacht mhór ann idir na Ballstáit (*ET Monitor* [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint], lch. 26).

24. Bíonn tionchar ag an sásamh a bhaineann siad as an bpost, mar aon lena ndíograis don phost, ar dhea-bhail múinteoirí agus oiliúnóirí agus bíonn tionchar aige sin ar a tharraingtí atá gairm na múinteoireachta, agus ar cé acu a fhanann nó nach bhfanann siad leis an ngairm dá réir. Is gné thábhachtach é maidir le cáilíocht agus le feidhmíocht, i gcomhchoibhneas lena ndíograis féin agus i gcomhchoibhneas le díograis agus le héachtaí a bhfoghlaimeoirí.

25. Ar na gnéithe tábhachtacha sin a bhaineann leis an dea-bhail, tá inter alia, tuiscint agus bainistiú ar an méid lena mbítear ag súil; an t-ualach oibre, an timpeallacht oibre, lena n-áirítear a shábháilte atá timpeallacht na múinteoireachta agus na foghlama, agus na dálaí oibre; an phiarthacaíocht agus an tacaíocht institiúideach a bhíonn ar fáil; caidreamh le foghlaimeoirí, le tuismitheoirí, le comhghleacaithe agus le ceannairí institiúidí; agus an meas agus an luach a leagann an pobal i gcoitinne orthu. Má bhíonn na tosca sin in easnamh nó más amhlaidh nach maith a chuaigh na tosca sin dóibh, d'fhéadfadh sin a bheith ina shiocair le tnáitheadh fisiciúil agus mothúchánach, strus agus traochadh, rud a fhágann a lorg féin ar an meabhairshláinte agus ar an tsláinte fhisiciúil.

26. D'fhonn tacú le héachtaí agus le dea-bhail múinteoirí, oiliúnóirí, agus foghlaimeoirí araon, is den tairbhe pobail chomhoibríocha foghlama – mar aon le cultúr comhoibríoch foirne idir múinteoirí agus oiliúnóirí, a bpiaraí agus a gceannairí institiúide, na foghlaimeoirí, na tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile, amhail fostóirí – a bhunú agus a chur chun cinn. Is féidir le múinteoirí agus le hoiliúnóirí a bhfuil seantaithí acu ról tábhachtach a ghlacadh mar mheantóirí ag comhghleacaithe is óige ná iad, agus ag an am céanna, tairbhe a bhaint as an malartú idirghlúine. Anuas air sin, is den tábhacht an fhoghlaim ghairmiúil phiarbhunaithe ón mbun aníos a spreagadh, ceannaireacht theagascach agus rannpháirtíochta a chur chun cinn a chothóidh muinín agus a dhéanfaidh iad siúd atá fostaithe in earnáil an oideachais a spreagadh agus a mhisniú. Thairis sin, agus mar is iomchuí, d'fhéadfaí meastóireacht a dhéanamh d'fhonn tacú le feabhas a chur ar obair an mhúinteora agus an oiliúnóra, trí mheastóireacht chuiditheach agus aiseolas a chur ar fáil i dtaca lena gcuid oibre, trí chritéir a bhunú chun iad siúd a bhfuil éachtaí suntasacha bainte amach acu a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt dóibh.

27. Is ionann infheistíocht leordhóthanach, éifeachtach agus inbhuanaithe i múinteoirí agus in oiliúnóirí agus infheistíocht a dhéanamh i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna. Cuimsítear gnéithe éagsúla sa mhéid sin, amhail infheistíocht i ndeiseanna oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí, bonneagar leordhóthanach agus spásanna foghlama, uirlisí agus acmhainní, mar aon le tuarastail[15].

28. D'fhéadfaí gach a bhfuil luaite thuas a chur san áireamh agus dreasachtaí á bhforbairt chun dul i ngleic le ganntanas múinteoirí agus oiliúnóirí. Cé is moite de na féidearthachtaí sin thuas, tá féidearthachtaí eile ann arbh fhiú iad a scrúdú, amhail scoláireachtaí a mheallfadh mic léinn ionsar clár ábhartha staidéir nó daoine gairmiúla a bhfuil cáilíochtaí acu nach cáilíochtaí teagaisc a earcú, agus a áirithiú ag an am céanna go gcuirtear soláthar ardchaighdeáin chun cinn agus go dtacaítear leis.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR AN NEAMHSPLEÁCHAS INSTITIÚIDEACH AGUS I gCOMHRÉIR LE hIMTHOSCA NÁISIÚNTA:

29. leanúint dá gcuid iarrachtaí agus cur leis na hiarrachtaí sin ionas go mbeidh múinteoirí agus oiliúnóirí páirteach i mbeartais oideachais agus oiliúna a chruthú ar gach leibhéal den cheapadh beartais, agus an comhoibriú á mhéadú, úinéireacht na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí ar an bpróiseas á cothú, chomh maith lena neamhspleáchas i gcur i bhfeidhm praiticiúil na mbeartas sin.

30. An gá le cur chuige cuimsitheach i leith oideachas tosaigh múinteoirí agus oiliúnóirí mar aon le hionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur san áireamh agus beartais a bhaineann le hoideachas agus oiliúint múinteoirí agus oiliúnóirí á bhforbairt.

31. Níos mó rannpháirtíochta ó mhúinteoirí agus oiliúnóirí i bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chur chun cinn agus tacú léi, go háirithe trí bhearta breise a dhéanamh chun bacainní ar rannpháirtíocht agus ar dheiseanna a bhaint, agus iarracht a dhéanamh meastóireacht iomchuí a dhéanamh agus aitheantas a thabhairt don luach a bhaineann leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach mar bhunchloch don dul chun cinn gairme.

---

[15] Tá fianaise ann a thugann le fios go mbíonn tionchar ag an tuarastal ar earcú agus ar choinneáil múinteoirí agus oiliúnóirí, mar aon le torthaí foghlama. Is minic tuarastail múinteoirí níos ísle ná meántuarastail oibrithe eile a bhfuil oideachas tríú leibhéal bainte amach acu. (*ET Monitor 2019* [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2019] lch. 39 - 40).

32. Institiúidí oideachais agus oiliúna a spreagadh le deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí, ar deiseanna leanúnacha éifeachtacha taighdebhunaithe iad a bheidh fothaithe ar chomhar, ar bhreathnóireacht piaraí agus ar an bpiarfhoghlaim, ar threoir, ar an meantóireacht agus ar an líonrú. Más iomchuí sin agus na deiseanna sin á bhforbairt acu, institiúidí oideachais agus oiliúna a spreagadh lena dtairiscint foghlama a leathnú, lena n-áirítear mionaonaid foghlama, amhail iad siúd a bhféadfadh micridhintiúir teacht astu, agus socruithe dearbhaithe cáilíochta á gcur san áireamh.

33. Leanúint de thacú le hinstitiúidí ardoideachais feabhas a chur ar inniúlachtaí na foirne acadúla i dtaobh cur chuige foghlama, teagaisc agus measúnaithe a chur i bhfeidhm a bheidh taighdebhunaithe agus dírithe ar an mac léinn, agus neamhspleáchas na n-institiúidí sin á urramú go hiomlán ag an am céanna, agus próisis shoiléire, thrédhearcacha, chothroma a chur ar bun agus a leanúint chun baill foirne a earcú agus a fhostú, ar próisis iad a thugann aitheantas do luach na ngníomhaíochtaí teagaisc[16], agus ar cheart a chur san áireamh freisin i mbeartais agus i gcleachtais chur chun cinn.

34. Féachaint an bhféadfaí gairmréimeanna múinteoirí agus oiliúnóirí a éagsúlú agus creataí náisiúnta gairme a fhorbairt a chuideodh leo a gcuid spriocanna gairme a bhaint amach, sásamh a fháil as a ngairm agus a riachtanais foghlama a shásamh freisin.

35. Institiúidí oideachais agus oiliúna a spreagadh chun soghluaisteacht múinteoirí agus oiliúnóirí — bíodh sin fisiciúil, fíorúil nó cumaiscthe — a leabú ina gcuid straitéisí foghlama, forbartha agus idirnáisiúnaithe, lena n-áirítear leas a bhaint as acmhainneacht uirlisí Eorpacha amhail an ríomhnascadh agus EPALE mar dhlúthchuid den fhoráil foghlama. Bailíochtú a dhéanamh, nuair is féidir agus i gcomhréir leis na rialacháin náisiúnta agus de réir na n-imthosca náisiúnta, ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí a shealbhaítear le huirlisí Eorpacha agus le soghluaisteacht Eorpach mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí agus oiliúnóirí.

---

[16] Caighdeáin 1.3 agus 1.5, Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais, 2015.

36. Tuilleadh a dhéanamh chun an tsoghluaisteacht a chur chun cinn i measc na mac léinn agus i measc na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí atá ag cleachtadh cheana agus bacainní leanúnacha a bhaint d'fhonn na rátaí rannpháirtíochta a mhéadú. Chuige sin, institiúidí ardoideachais a bhfuil oideachas tosaigh múinteoirí faoina gcúram a spreagadh chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na soghluaisteachta mar chuid dá dtairiscint foghlama, a áireodh, de réir mar is iomchuí, idirthréimhsí soghluaisteachta i gcláir staidéir. Lena chois sin, rannpháirtíocht i gcineálacha éagsúla soghluaisteachta a éascú i bhforbairt ghairmiúil múinteoirí agus oiliúnóirí atá ag cleachtadh cheana, lena n-áirítear trí iarracht a dhéanamh teacht ar réitigh inbhuanaithe maidir le riachtanais ionadaíochta.

37. Chun tarraingteacht agus stádas na gairme a fheabhsú, infheistiú i mbearta a chuirfeadh feabhas ar a n-oideachas tosaigh agus ar a n-oiliúint ghairmiúil leanúnach, ar a ndálaí oibre agus ar a n-ionchais ghairme, chomh maith le bearta chun a n-athléimneacht agus a ndea-bhail a fheabhsú tuilleadh, chun tacú leo dul i ngleic leis na gnéithe sin den obair a mbíonn strus ag baint leo. Agus aghaidh á tabhairt ar na gnéithe sin, tá sé tábhachtach go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta in ann a bheith rannpháirteach ar bhealach éifeachtach.

38. Oibriú i gcomhar agus taithí agus faisnéis a roinnt faoi fhorbairtí beartais i dtaca le múinteoirí agus oiliúnóirí, lena n-áirítear forbairt agus athbhreithniú arna ndéanamh ar chreataí náisiúnta inniúlachta do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, I gCOMHRÉIR LENA INNIÚLACHTAÍ AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR AN gCOIMHDEACHT, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

39. Chun soghluaisteacht na mac léinn agus na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí atá ag chleachtadh a éascú, idirphlé a chothú agus constaicí a scrúdú, i gcomhar leis na Ballstáit, lena n-áirítear faoi ghnéithe struchtúracha, aitheantas a thabhairt do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear agus do cháilíochtaí acadúla, agus treoir a thabhairt d'institiúidí oideachais agus oiliúna chun feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht agus chun peirspictíocht idirnáisiúnta ábhar múinteoirí agus ábhar oiliúnóirí a leathnú.

40. Chun na hiarrachtaí náisiúnta atá á ndéanamh cheana a chomhlánú, féachaint an bhféadfaí togra a ullmhú le haghaidh creat ábhartha Eorpach inniúlachtaí[17] a bheadh le húsáid ar bhonn deonach, d'fhonn forbairt agus measúnú ar eolas, ar scileanna agus ar mheoin a bhaineann le forbairt inbhuanaithe a chothú.

41. Tacú le comhar níos dlúithe idir institiúidí oideachais agus oiliúna san Aontas chun oideachas taighdebhunaithe múinteoirí a neartú, chun tacú le soghluaisteacht trasteorann agus le deiseanna foghlama comhpháirteacha mar chuid de leanúntas forbartha gairmiúla múinteoirí, mar shampla trí chomhar deonach agus líonrú institiúidí náisiúnta oideachais agus oiliúna a spreagadh ar leibhéal an Aontais, i bhfoirm acadaimh Eorpacha oiliúna múinteoirí.

42. Chun na hiarrachtaí náisiúnta atá á ndéanamh cheana a chomhlánú, féachaint an bhféadfaí treoirlínte Eorpacha a fhorbairt mar thacaíocht a úsáidfear, ar bhonn deonach, chun creataí gairme a chruthú ar an leibhéal náisiúnta, ag tógáil ar thorthaí na hoibre sin a rinne Scoileanna Mheitheal Oideachais agus Oiliúna 2020, chun aghaidh a thabhairt ar cheist dhul chun cinn na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí i gcomhthéacs níos leithne agus chun freagra a thabhairt ar na haidhmeanna agus ar na huaillmhianta atá acu agus ar na nithe sin a spreagann iad.

43. I gcomhar leis na Ballstáit, úsáid na n-ardán ar líne atá ann cheana a chur chun cinn, amhail Ríomhnascadh, Tairseach Oideachais Scoile agus EPALE, féachaint an bhféadfaí iad a fhorbairt tuilleadh, agus féachaint freisin ar bhealaí ina bhféadfaí úsáid na n-ardán sin a leathnú chun soghluaisteacht mac léinn a éascú mar aon le múinteoirí agus oiliúnóirí atá ag cleachtadh, mar shampla trí chomhpháirtithe a aimsiú do thionscadail soghluaisteachta agus trí ardán a chur ar fáil chun ullmhú don tsoghluaisteacht agus chun obair leantach a dhéanamh ina leith.

44. Chun meas a chothú, an tábhacht atá le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus suntas a thabhairt do theagasc ar ardcháilíocht, imscrúdú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé agus ar an mbreisluach a bhainfeadh le luaíocht Eorpach bhliantúil a thabhairt isteach do mhúinteoirí nó d'oiliúnóirí a léiríonn cumas ar leith, mar shampla toisc go gcuireann siad an nuálaíocht, an chuimsitheacht nó an ghné Eorpach den teagasc chun cinn.

---

[17] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal: An Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, 11 Nollaig 2019 (lch. 19)

45. Leanúint de bheith ag tacú le deiseanna oideachais agus oiliúna a fhorbairt do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí, idir mhúinteoirí agus oiliúnóirí ionchasacha agus iad siúd atá ag cleachtadh cheana féin, agus tacú lena soghluaisteacht, go háirithe tríd an gclár Erasmus + agus trí Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa, agus a gcomharbaí sin.

46. Na conclúidí sin a chur san áireamh go hiomlán agus tograí le haghaidh an Limistéir Eorpaigh Oideachais á bhforbairt mar aon leis an gcreat straitéiseach nua le haghaidh comhair san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear leanúint de bheith ag malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**Cúlra polaitiúil**

1. Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cáilíocht an oideachais do mhúinteoirí a fheabhsú (an 15 Samhain 2007)

2. Conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt ghairmiúil múinteoirí agus ceannairí scoile (26 Samhain 2009)

3. Conclúidí ón gComhairle maidir le ceannaireacht éifeachtach san oideachas (25 agus 26 Samhain 2013)

4. Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas éifeachtach do mhúinteoirí (20 Bealtaine 2014)

5. Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cuimsiú san éagsúlacht d'fhonn oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách (17 Feabhra 2017)

6. Conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt scoile agus teagasc den scoth (20 Samhain 2017)

7. An Creat Eorpach um Inniúlachtaí Digiteacha na nOideachasóirí (2017)

8. Moladh ón gComhairle maidir le comhluachanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn (22 Bealtaine 2018)

9. Moladh ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (22 Bealtaine 2018)

10. Moladh ón gComhairle maidir le córais oideachais agus cúraim luath-óige ar ardchaighdeán (22 Bealtaine 2019)

11. Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige cuimsitheach i leith múineadh agus foghlaim teangacha (22 Bealtaine 2019)

12. TALIS - Suirbhé Idirnáisiúnta Foghlama agus Teagaisc na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, 2018

13. An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2019